# Samhain
## Celtic New Year Festival

- **Cén chaoi a bhfuil tu, a chara?** *Tá mé go maith go raibh maith agat.*
- **Nach bhfuil an aimsir go deas?** *Níl! Tá sé fliuch amach is amach!*
- **Bhuel, tá an fómhar ann nach bhfuil?** *Tá sé ann is dócha ach is fearr liom lá tirim.*
- **Is maith liom lá tirim ná lá fliuch freisin.** *Go deimhin! Ní hé lá na báistí lá na bpáistí!*
- **An bhfaca tú na duilleoga ag athrú?** *Chonaic! Bhí mé sa gcoill agus bhí sé go hálainn!*
- **Húips! Caithfidh mé imeacht. Ba dheas caint leat.** *Ba dheas caint leatsa. Slán beo!*

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **/BÍ/** | >>> | tá (+) | >>> | níl (-) | >>> | an bhfuil (?) | >>> nach bhfuil (?) |
| **/IS/** | >>> | is (+) | >>> | ní (-) | >>> | an (?) | >>> nach (?) |
| **/FEIC/** | >>> | chonaic (+) | >>> | ní fhaca (-) | >>> | an bhfaca (?) | >>> nach bhfaca (?) |

fliuch tirim >>> **go** maith **go** deas **go** deimhin **go** hálainn ~~go raibh~~

***Ní hé lá na báistí lá na bpáistí! >>> Ní hé lá na gaoithe lá na scolb!***